2025/1891

18.9.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/1891 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil arsanaice neamhorgánaí in iasc agus bia mara eile

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún ([2]) socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia, lena n-áirítear arsanaic neamhorgánach i réimse earraí bia.

(2) Is miotalóideach uileláithreach í an arsanaic a mbíonn tiúchan íseal di ann i gcarraigeacha, in ithir agus in screamhuisce nádúrtha. Tá ardú tagtha ar an leibhéal arsanaice sa chomhshaol agus is gníomhaíochtaí antrapaigineacha a chuir leis an ardú sin trí astaíochtaí tionsclaíocha (mianadóireacht, bruithniú miotal neamhfheiriúil agus dó breoslaí iontaise) agus trí arsanaic a úsáid mar chomhábhar i leasacháin, i leasaithigh adhmaid, i lotnaidicídí nó i luibhicídí. Cé gur féidir nochtadh deirmeach nó ionanálaithe a bheith ann, is iad bia agus uisce óil na príomhbhealaigh nochta d'arsanaic.

(3) An 12 Deireadh Fómhair 2009, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim uaidh maidir le harsanaic i mbia ([3]) inar tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfadh arsanaic neamhorgánach a bheith ina cúis le hailsí scamhóg, lamhnáin agus craicinn agus le loit dheirmeacha agus shainaithin sé raon luachanna 'íosteorann muiníne na dáileoige tagarmhairc' ($BMDL_{01}$) idir 0,3 agus 8 µg/kg b.w. in aghaidh an lae. Ós rud é go bhfuil an nochtadh cothúcháin measta d'arsanaic neamhorgánach i gcás meántomhaltóirí agus ardtomhaltóirí san Eoraip laistigh den raon luachanna $BMDL_{01}$ a sainaithníodh, ní féidir a chur as an áireamh go bhfuil riosca ann do roinnt tomhaltóirí. Dá bhrí sin, socraíodh uasleibhéil le haghaidh arsanaic neamhorgánach i mbianna talún éagsúla trí bhíthin Rialachán (AE) 2015/1006 ón gCoimisiún ([4]).

(4) Sa tuarascáil eolaíoch uaidh in 2021 ([5]), rinne an tÚdarás measúnú ar nochtadh cothúcháin ainsealach dhaonra na hEorpa d'arsanaic neamhorgánach, agus na sonraí is déanaí faoi tharluithe maidir le harsanaic neamhorgánach i mbia á gcur san áireamh agus, chomh maith le hábharthacht bianna talún don nochtadh a dheimhniú, tháinig sé ar an gconclúid freisin, i gcás an daonra fhásta, go raibh grúpaí bia amhail 'iasc agus bia mara eile' i measc na bhfoinsí dealraitheacha nochta d'arsanaic neamhorgánach i dtíortha áirithe.

(5) Ar bhonn na sonraí is déanaí faoi tharluithe, agus go dtí go mbeidh comhairliúcháin ann maidir le huasleibhéil fhéideartha le haghaidh arsanaice in éisc agus i mbia mara eile, le Rialachán (AE) 2023/465 ón gCoimisiún ([6]) laghdaíodh an t-uasleibhéal le haghaidh arsanaic neamhorgánach i rís bhán agus leagadh síos uasleibhéil le haghaidh bianna talún áirithe.

([1]) IO L 37, 13.2.1993, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1993/315/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103, ELI http://data.europa.eu/eli/reg/2023/915/oj).

([3]) Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra (CONTAM); Tuairim Eolaíoch maidir le harsanaic i mbia. EFSA Journal [Iris EFSA] 2009; 7(10):1351, https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/epdf/10.2903/j.efsa.2009.1351.

([4]) Rialachán (AE) 2015/1006 ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2015 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil arsanaice neamhorgánaí in earraí bia (IO L 161, 26.6.2015, p. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1006/oj).

([5]) Tuairim eolaíoch ó EFSA maidir leis an nochtadh chothúcháin ainsealach d'arsanaic, EFSA Journal [Iris EFSA] 2021; 19(1): 6380, https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/epdf/10.2903/j.efsa.2021.6380.

([6]) Rialachán (AE) 2023/465 ón gCoimisiún an 3 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil arsanaice i mbianna áirithe, (IO L 68, 6.3.2023, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/465/oj).

(6) An 28 Samhain 2023 ghlac an tÚdarás a thuairim eolaíoch maidir le tabhairt cothrom le dáta an mheasúnaithe riosca ar arsanaic neamhorgánach i mbia ([7]). Tháinig sé ar an gconclúid go léiríonn staidéir eipidéimeolaíocha go bhfuil baint ag iontógáil ainsealach arsanaice neamhorgánaí tríd an aiste bia agus/nó uisce óil le riosca méadaithe torthaí díobhálacha éagsúla, lena n-áirítear ailsí scamhóg, lamhnáin agus craicinn. D'úsáid an tÚdarás an $BMDL_{05}$ 0,06 µg /kg b.w. in aghaidh an lae agus chuir sé cur chuige corrlaigh nochta i bhfeidhm. Mheas sé go bhfuil na corrlaigh nochta íseal i measc daoine fásta (raon idir 2 agus 0,4 i gcás meántomhaltóirí agus idir 0,9 agus 0,2 ar nochtadh an 95ú peircintíl) agus tháinig sé ar an gconclúid, dá bhrí sin, go bhfuil an nochtadh reatha d'arsanaic neamhorgánach ina chúis imní ó thaobh na sláinte de d'ainneoin na n-éiginnteachtaí.

(7) Chun leanúint ag laghdú nochtadh an daonra d'arsanaic neamhorgánach, is iomchuí, dá bhrí sin, uasleibhéil a shuí le haghaidh éisc agus bia mara eile a chuireann leis an nochtadh sin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/915 a leasú dá réir sin.

(9) Agus seilfré fhada earraí bia áirithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo á cur san áireamh, agus chun cur amú bia a chosc, ba cheart a cheadú d'iasc agus bia mara eile a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a choinneáil ar an margadh go dtí a ndáta íosmharthanachta nó a ndáta éagtha.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 10(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Féadfar bianna a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh na dátaí dá dtagraítear i bpointe (a) go (o) a choinneáil ar an margadh go dtí a ndáta íosmharthanachta nó a ndáta éaga:';

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'An 8 Deireadh Fómhair 2025 a mhéid a bhaineann leis na huasleibhéil le haghaidh arsanaic neamhorgánach a leagtar amach i bpointí 3.4.5, 3.4.6, 3.4.7 agus 3.4.8 d'Iarscríbhinn I';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Mean Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([7]) Tuairim eolaíoch maidir le tabhairt cothrom le dáta an mheasúnaithe riosca ar arsanaic neamhorgánach i mbia, *Iris EFSA*. 2024;22:e8488, https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/epdf/10.2903/j.efsa.2024.8488.

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915, i roinn 3 (Miotail agus eilimintí eile), leasaítear foroinn 3.4 (Arsanaic) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara ró:

		‘Arsanaic neamhorgánach (suim $As^{(III)}$ agus $As^{(V)}$)	Tá feidhm ag an uasleibhéal don arsanaic neamhorgánach maidir le táirgí a liostaítear in 3.4.1 go 3.4.8.’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 3.4.5 agus an ró taobh thuas de:

‘3.4.5	Feoil mhatánach na n-iasc seo a leanas:		Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an meáchan fliuch. I gcás ina mbeartaítear iasc a ithe ina iomláine, tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an iasc ina iomláine. I gcás bia triomaithe, caolaithe, próiseáilte agus/nó comhbhia, tá feidhm ag Airteagal 3(1) agus (2) maidir leo.
3.4.5.1	Speicis seachas iad sin a liostaítear faoi 3.4.5.2	0,10	
3.4.5.2	Láimhíneach, réaltóg (speiceas *Lophius* ; *Kathetostoma giganteum*), leathóg (speiceas *Pleuronectiformes*), cadóg (*Melanogrammus aeglefinus*), scadán Atlantach (speiceas *Clupea*), roc (speiceas *Rajidae*) agus siorc (gach speiceas).	0,50	
3.4.6	Crústaigh		Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an meáchan fliuch. Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le feoil mhatánach ó ghéagáin agus ó bholg, rud a chiallaíonn nach gcuirtear san áireamh ceifileatóracs crústach. I gcás na bportán agus na gcrústach portáin (*Brachyura* agus *Anomura*), tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an bhfeoil mhatánach ó ghéagáin. I gcás bia triomaithe, caolaithe, próiseáilte agus/nó comhbhia, tá feidhm ag Airteagal 3(1) agus (2) maidir leo.
3.4.6.1	Portáin agus crústaigh portáin (*Brachyura agus Anomura*), cloicheáin agus séaclaí (gach speiceas).	0,10	
3.4.6.2	Crústaigh seachas iad sin a liostaítear faoi 3.4.6.1 agus 3.4.6.3.	0,20	
3.4.6.3	Gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) agus gliomach carraige (speiceas *Jasus*)	1,5	

3.4.7	Moilisc dhébhlaoscacha		Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an meáchan fliuch. I gcás *Pecten maximus*, níl feidhm ag an uasleibhéal ach maidir leis an matán aduchtach agus leis an ngónad. I gcás bia triomaithe, caolaithe, próiseáilte agus/nó comhbhia, tá feidhm ag Airteagal 3(1) agus (2) maidir leo.
3.4.7.1	Muiríní	0,10	
3.4.7.2	Moilisc dhébhlaoscacha seachas iad sin a liostaítear in 3.4.7.1	0,50	
3.4.8	Ceifileapóid	0,050	Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an meáchan fliuch. Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an ainmhí gan ionathar. I gcás bia triomaithe, caolaithe, próiseáilte agus/nó comhbhia, tá feidhm ag Airteagal 3(1) agus (2) maidir leo.
		Arsanaic iomlán	Tá feidhm ag an uasleibhéal le haghaidh arsanaic iomlán maidir leis na táirgí a liostaítear in 3.4.9.
3.4.9	Salann	0,50‘	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1891/oj